III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

AN BANC CEANNAIS EORPACH

TUAIRIM ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

an 1 Meitheamh 2022

ar thogra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí margaidh a fheabhsú, deireadh a chur le bacainní ar theacht chun cinn teilitéipe comhdhlúite, oibleagáidí trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíochtaí a ghlacadh d'orduithe cliant a chur ar aghaidh

(CON/2022/19)

(2022/C 286/03)

Réamhrá agus bunús dlí

An 3 Feabhra agus an 4 Feabhra 2022 fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarrataí ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar thuairim maidir le togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le trédhearcacht sonraí margaidh a fheabhsú, deireadh a chur le bacainní ar theacht chun cinn teilitéipe comhdhlúite, oibleagáidí trádála a bharrfheabhsú agus cosc a chur ar íocaíochtaí a fháil d'orduithe cliant a chur ar aghaidh ([1]) (an "rialachán atá beartaithe" anseo feasta) agus maidir le togra le haghaidh treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais ([2]) (dá ngairtear an "treoir atá beartaithe" anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE maidir le tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagal 127(4) agus Airteagal 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ós rud é go bhfuil forálacha sa rialachán atá beartaithe agus sa treoir atá beartaithe a dhéanann difear (a) do bhunchúram an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) beartas airgeadaíochta an Aontais a shainiú agus a chur chun feidhme de bhun Airteagal 127(2) den Chonradh, agus (b) do chúram CEBC rannchuidiú le seoladh rianúil beartas arna saothrú ag na húdaráis inniúla a bhaineann le cobhsaíocht an chórais airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 127(5) den Chonradh. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

Barúlacha ginearálta

1. Cuspóirí an rialacháin atá beartaithe

1.1 Is díol sásaimh do BCE príomhchuspóir an rialacháin atá beartaithe chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ('MiFIR' anseo feasta) d'fhonn trédhearcacht sonraí margaidh ar fud ionaid trádála an Aontais Eorpaigh (AE) a fheabhsú trí chreat rialála nua a chruthú chun 'teilitéip chomhdhlúite' a tháirgeadh do shonraí trádála, lena n-áirítear próiseas nua chun soláthraí teilitéipe comhdhlúite amháin a roghnú le haghaidh gach aicme sócmhainne.

([1]) COM (2021) 727 final.

([2]) COM (2021) 726 final.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

1.2 Áirítear freisin sa rialachán atá beartaithe athruithe suntasacha ar rialacha trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála an Aontais d'ionstraimí airgeadais cothromais agus neamhchothromais, amhail comhchuibhiú níos fearr ar rialacha chun foilsiú mionsonraí idirbheart a chur siar, nuashonruithe ar na hoibleagáidí maidir le trádáil scaireanna agus díorthach AE, cosc ar íocaíochtaí le haghaidh sreabhadh orduithe agus athruithe eile ar chóras an Aontais maidir le trádáil urrús agus díorthach. Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe tacú tuilleadh le comhtháthú mhargaí Eorpacha caipitil agus na rialacha ábhartha maoirseachta ar an margadh airgeadais a chomhchuibhiú tuilleadh ar fud an Aontais. Tacaíonn BCE go láidir leis an aidhm ghinearálta tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chomhtháthú na margaí caipitil, go háirithe trí na feabhsuithe atá beartaithe ar thrédhearcacht sonraí margaidh. Teastaíonn margaí caipitil atá níos doimhne agus níos comhtháite ó dhearcthaí éagsúla. Ní hamháin go bhféadfaidh siad na hacmhainní is gá a shlógadh chun tacú le geilleagar an limistéir euro, ach fágfaidh siad freisin go mbeidh an córas airgeadais níos athléimní i gcoitinne. Thairis sin, is féidir a bheith ag súil go bhfeabhsóidh comhtháthú mhargaí Eorpaigh caipitil tarchur an bheartais aonair airgeadaíochta chuig gach cuid den limistéar euro, agus go n-éascófar rochtain rannpháirtithe margaidh ar mhaoiniú glas agus ar chistiú don aistriú i dtreo geilleagair digitigh. Chuige sin, athdhearbhaíonn BCE a thábhachtaí atá sé glacadh go pras le tionscnaimh bhreise faoi phlean gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil (AMC) 2020 ón gCoimisiún Eorpach agus iad a chur chun feidhme go hiomlán ar an leibhéal náisiúnta, i gcás ina bhfuil gá leis sin de réir an dlí.

1.3 Trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht na sonraí margaidh, cuirfear le forbairt mhargaí caipitil an Aontais, agus beidh fáil níos leithne ar fhaisnéis faoi phraghsanna agus faoi leachtacht ag infheisteoirí agus eisitheoirí, rud a chruthóidh tuilleadh deiseanna infheistíochta agus maoinithe agus a laghdóidh an costas a bhaineann le caipiteal a thiomsú d'eisitheoirí. Ag an am céanna meabhraítear go bhféadfadh sé go gcuirfeadh leibhéil níos airde trédhearcachta ar chumas trádálaithe áirithe i gcúinsí áirithe leas níos mó a bhaint as faisnéis maidir le horduithe atá ann cheana sa mhargadh trína gcumas trádáil níos tapúla a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin ag baint úsáide as an teicneolaíocht is déanaí.

1.4 Tá spéis shonrach ag BCE sna tograí reachtacha sin i bhfianaise rannpháirtíocht CEBC sna margaí neamhchothromais (bannaí, bannaí ceannasacha san áireamh) i gcomhlíonadh bheartas airgeadaíochta CEBC agus cúraimí eile atá sainordaithe ag na Conarthaí, agus i bhfianaise an ghá atá ann rúndacht idirbheart íogair den sórt sin a chosaint. Dá bhrí sin, ba mhaith le BCE trácht a dhéanamh freisin ar fhorálacha eile den MiFIR ([4]) a dhéanann difear, cé nach bhfuil siad ina n-ábhar don Rialachán atá beartaithe, do bhainc cheannais CEBC agus dá n-idirbhearta margaidh in ionstraimí airgeadais (féach mír 7).

2. **Cuspóirí na treorach atá beartaithe**

Ós rud é nach leagtar amach sa treoir atá beartaithe ach leasuithe teoranta ar Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) (da ngairtear "MiFID II" anseo feasta) a eascraíonn den chuid is mó ó na hathruithe atá beartaithe ar MiFIR, ní fheictear do BCE gur gá tuairim a sholáthar ar an togra sin.

Barúlacha sonracha

3. **Teilitéip Chomhdhlúite**

3.1 Is díol sásaimh don BCE gur tugadh isteach an córas feabhsaithe atá beartaithe don "teilitéip chomhdhlúite" (consolidated tape, CT) agus an próiseas iomaíoch tairisceana do roghnú soláthraí teilitéipe comhdhlúite (consolidated tape provider, CTP) do gach aicme sócmhainne. Mar a thug BCE faoi deara roimhe seo, ní féidir trédhearcacht chuí a áirithiú go hiomchuí ach amháin trí CTP ([6]) amháin a bhunú do gach aicme sócmhainne ábhartha. Tá roinnt buntáistí ag baint leis an CT d'infheisteoirí, agus tacaíonn na buntáistí sin le cuspóirí AMC maidir le maoiniú mhargadh an

([4]) Féach Airteagal 1(6), (7) agus (9) agus Airteagal 26(5) den MiFIR.

([5]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

([6]) Féach mír 5.2 de Thuairim CON/2012/21 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Márta 2012 maidir le: (i) togra le haghaidh treorach maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; (ii) togra le haghaidh rialacháin maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (EMIR); (iii) togra le haghaidh treorach maidir le pionóis coiriúla i dtaca le déileáil chos istigh agus le cúbláil mhargaidh; agus (iv) togra le haghaidh rialacháin maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh (mí-úsáid an mhargaidh) (IO C 161, 7.6.2012, lch. 3). Tá tuairimí uile BCE ar fáil ar EUR-Lex.

chaipitil a dhéanamh níos inrochtana d'infheisteoirí agus ilroinnt mhargaí AE caipitil a laghdú. Ba cheart go gcuideodh sé le trédhearcacht agus rochtain infheisteoirí ar shonraí margaidh a mhéadú, agus ar an gcaoi sin rioscaí leachtachta agus cur i gcrích trádála a laghdú chomh maith le hilroinnt an mhargaidh a laghdú. D'fhéadfadh sé costais idirbheart d'infheisteoirí a laghdú go substaintiúil freisin. Má chuirtear ar chumas infheisteoirí forbhreathnú fíor-ama a bheith acu ar ghníomhaíocht trádála ar chostas réasúnta, ba cheart go méadófaí an úsáid a bhaineann infheisteoirí corparáideacha agus infheisteoirí miondíola as na margaí AE caipiti chun maoiniú agus infheistíocht a dhéanamh.

3.2 Tá an córas feabhsaithe atá beartaithe casta ó thaobh na teicneolaíochta agus na hoibríochta de agus áirítear leis scéim luacha saothair ioncaim. D'fhonn an chothromaíocht a threorú idir cáilíocht agus leibhéal a infheistíochta i dtáirgeadh an tacair sonraí chomhdhlúite don aicme sócmhainne ar leith, tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go bhféadfadh CTP brath ar cháilíocht, ar iomláine agus ar sheachadadh pras na sonraí a sholáthraíonn rannchuiditheoirí sonraí margaidh dó (gnólachtaí infheistíochta, ionaid trádála, socruithe foilsithe formheasta agus inmheánaitheoirí córasacha). I ndáil leis an méid sin, tuigeann BCE nach mbeidh an CTP freagrach faoin togra ach as bunsonraí an mhargaidh a chomhdhlúthú agus iad a scaipeadh ar bhonn tráchtála ar an margadh agus go ndéanfaidh an Coimisiún cáilíocht na sonraí rannchuidithe, a bheidh na rannchuiditheoirí sonraí margaidh freagrach go hiomlán astu, a rialú ar bhonn gnímh tharmligthe, bunaithe ar chomhairle ó shainghrúpa geallsealbhóirí agus ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM).

3.3 Más rud é gur gá do ÚEUM lamháltas CTP a fhoirceannadh ar chúis ar bith, d'fhonn an rogha a dhéanamh inchreidte an conradh a athfhreastal, d'fhéadfadh na caighdeáin theicniúla atá le forbairt ag ÚEUM a cheangal ar an CTP a paraiméadair nasc teicniúil do rannchuiditheoirí sonraí margaidh agus a fhoclóirí sonraí a chur ar fáil go poiblí ionas go mbeidh siad ar fáil d'eintitis eile ar mian leo dul in iomaíocht don chonradh.

3.4 Tuigeann BCE nach ndéanann na tograí maidir leis an CT difear do rúndacht idirbheart "beartas airgeadaíochta, malairte eachtraí nó cobhsaíochta airgeadais" CEBC, a leanann de bheith díolmhaithe ó nochtadh faoi Airteagal 1(6) den MiFIR. Dá réir sin, ní chuimseodh na "sonraí margaidh" a bheidh le sonrú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 22b(2) atá beartaithe agus na "bunsonraí margaidh" a dhíolfadh CTPanna le húsáideoirí sonraí ó idirbhearta beartais CEBC (amhail sonraí maidir le praghas, méid agus am a dtabhairt chun críche).

4. Córas trédhearcachta réamhthrádála maidir le cothromais: "trádáil anaithnid"

Is díol sásaimh do BCE an sruthlíniú a dhéanann an rialachán atá beartaithe ar an gcóras trédhearcachta réamhthrádála do chothromas, trí chaidhp aonair méide atá socraithe ag 7 % de mhéid iomlán na dtrádálacha a dhéantar san ionstraim airgeadais ábhartha san Aontas faoin tarscaoileadh praghsanna tagartha nó faoin tarscaoileadh trádála idirbheartaithe a chur in ionad na caidhpe dúbailte méide ([7]). Simplíonn sé sin an córas trédhearcachta agus fágann sé nach bhfuil an faireachán ar na leibhéil trádála anaithnide chomh casta sin. Tá sé i gceist leis an gcaidhp méide uile-AE níos ísle atá beartaithe go gcúiteofar díothú tairseach shonrach an ionaid, mar sin tá sé mar aidhm ag an togra foriomlán trédhearcacht réamhthrádála i gcothromais a mhéadú. Ag an am céanna, tugtar faoi deara go bhfuil an t-idirghníomhú idir deireadh a chur leis an gcaidhp méide ionadshonrach agus ísliú na caidhpe uile-AE casta, toisc go meastar go mbeidh éifeachtaí éagsúla ag na hathruithe atá beartaithe ar thrédhearcacht. Dá bhrí sin, molann BCE gur cheart an córas trédhearcachta réamhthrádála do chothromas, go háirithe calabrú na caidhpe méide, a choinneáil faoi athbhreithniú.

5. Toirmeasc ar íocaíocht ar shreabhadh ordaithe

Áirítear sa togra ón gCoimisiún ([8]) srian breise ar íocaíocht do shreabhadh orduithe (payment for order flow, PFOF). Measann BCE gur féidir le PFOF bac a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh agus ar thrédhearcacht mhargaí Eorpacha caipitil.

6. Deireadh a chur le rochtain oscailte do dhíorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán

Cé go dtacaíonn sé i bprionsabal le bearta lena neartaítear margaí imréitigh an AE, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag deireadh a chur leis an soláthar rochtana oscailte ar iomaíocht, ar nuálaíocht agus ar chomhtháthú margaidh, agus chun na cuspóirí a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht leo a chothromú go cúramach.

([7]) Airteagal 1(4) den rialachán atá beartaithe lena leasaítear Airteagal 5 den MiFIR.

([8]) Airteagal 1(26) den rialachán atá beartaithe lena gcuirtear isteach Airteagal 39ú nua.

7. **Forálacha eile MiFIR agus a dtionchar ar idirbhearta margaidh BCE/CEBC**

Níl forálacha an MiFIR a dhéanann difear go príomha d'idirbhearta an mhargaidh BCE/CEBC faoi réir an rialacháin atá beartaithe. Tugann BCE an deis seo, áfach, a mholadh go bhféadfaí foirmliú forálacha áirithe MiFIR a fheabhsú tuilleadh i bhfianaise thaithí BCE/CEBC maidir le hoibríochtaí margaidh a dhéanamh ar ionaid trádála AE.

7.1 *Díolúine ó cheanglais trédhearcachta MiFIR d'idirbhearta CEBC a dhéantar de bhun Reacht an CEBC*

Measann BCE gur cheart foirmliú reatha dhíolúine idirbheart beartais CEBC ó na ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála ([9]) de bhun Airteagal 1(6) den MiFIR a leasú ionas go ndéanfaí an díolúine a leathnú ionas go mbeadh feidhm aici maidir le hidirbhearta bhainc cheannais CEBC "i bhfeidhmíocht an bheartais airgeadaíochta, malairte eachtraí agus cobhsaíochta airgeadais", a chaithfí a shainiú tuilleadh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún ([10]), go ndéanfaí an díolúine a leathnú ionas go mbeadh aici go sainráite maidir leis na gníomhaíochtaí go léir a dhéanann bainc cheannais an Eurochórais de bhun Chaibidil IV de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear "Reacht an CEBC" anseo feasta). Measann BCE nach ceart do chontrapháirtí bhanc ceannais CEBC ach na cineálacha idirbheart infheistíochta sin a dhéanann bainc cheannais CEBC agus a leagtar amach in Airteagal 15, pointe (a) agus pointe (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 a nochtadh. Ba cheart na cineálacha sin idirbheart a leagan amach go sainráite in Airteagal 1(7) athbhreithnithe den MiFIR, in ionad, mar atá faoi láthair, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583.

7.2 *Cumhachtú an Choimisiúin chun an díolúine ó cheanglais trédhearcachta MiFIR a shíneadh chuig bainc cheannais eile*

Dá mbainfeadh gach idirbheart Eurochórais de bhun Chaibidil IV de Reacht CEBC tairbhe as an díolúine leathnaithe thuasluaite de bhun Airteagal 1(6) den MiFIR, is cuma cén bainc cheannais nó institiúidí ceannais eile a úsáideann na seirbhísí sin, ní bheadh feidhm a thuilleadh le cumhacht an Choimisiúin faoi Airteagal 1(9) de MiFIR chun raon feidhme na díolúine a leathnú "chuig bainc cheannais eile" iomarcach. Thairis sin, ní bheadh aon ghá a thuilleadh sainordú a thabhairt d'ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na "hoibríochtaí beartais airgeadaíochta, malairte eachtraí agus cobhsaíochta airgeadais" a shonrú. Dá réir sin, d'fhéadfaí Airteagal 1(8) agus (9) den MiFIR a scriosadh.

7.3 *Idirbhearta arna ndíolmhú ag bainc cheannais CEBC ó oibreoirí cheanglais tuairiscithe ionad trádála faoi Airteagal 26(5) den MiFIR*

Le hAirteagal 26(5) den MiFIR ceanglaítear ar oibreoirí ionad trádála aon idirbheart in ionstraimí airgeadais a thrádáiltear ar a n-ardáin agus a fhorghníomhaíonn gnólachtaí áirithe trína gcórais a thuairisciú dá n-údarás inniúil. Tá an sásra tuairiscithe reatha le haghaidh ionad trádála faoin bhforáil seo bunaithe go maith, le socruithe oibríochtúla i bhfeidhm chun sonraí ó *idirbhearta* den sórt sin a thuairisciú go rianúil. Tá taifid ag ionaid trádála chun críocha tuairiscithe ar shonraí mionsonraithe idirbhearta CEBC a dhéantar trí chórais an ionaid trádála. I ndáil leis sin, tuigeann BCE nach raibh sé ar intinn ag reachtóirí an Aontais gur cheart don cheanglas tuairiscithe faoi Airteagal 26(5) den MiFIR idirbhearta bhainc cheannais CEBC a chumhdach. Tá an tuiscint sin bunaithe ar an bhfíric go mbaineann na bainc cheannais tairbhe as díolúintí sainráite ó oibleagáidí tuairiscithe MiFIR agus, ina theannta sin, nach "gnólachtaí" iad, ach eintitis a dhéanann oibríochtaí margaidh ar bhonn a sainorduithe poiblí, lena n-áirítear faoin gConradh. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Airteagal 26(5) a shoiléiriú tuilleadh i ndáil leis sin.

([9]) Airteagail 8, 10, 18 agus 21 den MiFIR.

([10]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionad trádála agus gnólachtaí infheistíochta i dtaca le bannaí, táirgí airgeadais struchtúraithe, lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh (IO L 87, 31.3.2017, lch. 229).

7.4 *Díolúine iomlán d'idirbhearta maoinithe urrús CEBC a choimeád ón oibleagáid maidir le tuairisciú maoirseachta*

Tugann BCE dá aire, cé go bhfuil idirbhearta um maoiniú urrús de chuid CEBC (IMUanna) díolmhaithe go hiomlán ó Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) agus an nochtadh agus ó na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann ([12]), foráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ([13]) ón gCoimisiún go ndéanfar IMUanna ([14]) a bhfuil banc ceannais CEBC ina chontrapháirtí dóibh a mheas mar idirbhearta chun críocha Airteagal 26 den MiFIR ([15]). Mar thoradh air sin, tá na hidirbhearta sin faoi réir oibleagáidí tuairiscithe Airteagal 26 den MiFIR. Ar an gcaoi sin, imríonn Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 tionchar ar oibleagáidí tuairiscithe i ndáil le hidirbhearta den sórt sin ag bainc ceannais CEBC faoi MiFIR. Tagann an fo-ordú iarbhír seo de reachtaíocht an Aontais Leibhéal 1 go reachtaíocht an Aontais Leibhéal 2 salach ar phrionsabal dlíthiúil seanbhunaithe *lex superior derogat legi inferiori* ([16]), trí nach féidir gníomhartha cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe de chuid an Aontais reachtaíocht thánaisteach an Aontais a shárú. Tapaíonn BCE an deis seo chun tabhairt chun suntais gur cheart an chontrárthacht sin a cheartú i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590, cé nach ábhar é ann féin de na tograí a raibh comhairliúchán le BCE ina leith.

I gcás ina molann BCE go leasófar an rialachán atá beartaithe, leagtar amach tograí sonracha dréachtaithe maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leith a mbeidh téacs míniúcháin chun na críche sin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil ar fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna dhéanamh ag Frankfurt am Main, 1 Meitheamh 2022.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([11]) Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1).
([12]) Airteagal 2(2), pointe (a) agus Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2015/2365.
([13]) (IO L 87, 31.3.2017, lch. 449).
([14]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(11) de Rialachán (AE) 2015/2365.
([15]) Féach Airteagal 2(5), an dara fomhír de Rialachán Tarmligthe 2017/590 ón gCoimisiún.
([16]) An prionsabal dlí go sáraíonn gníomh dlí níos airde in ordlathas noirm dlí gníomh dlí níos ísle san ordlathas sin.